# An Teastas Sóisearach le hathrú

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi athruithe atá le cur i bhfeidhm ar an Teastas Sóisearach. Féach ar an tuairisc den chéad uair agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo inti.

1. controversy _____
2. amendments _____
3. to see _____
4. policies _____
5. approach _____
6. continuous assessment _____
7. experts _____
8. school report _____
9. confident _____
10. reformed _____
11. compromise _____

**Ceist 2** Anois, féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cén Ghaeilge atá ar na cumainn seo: *Irish National Teachers' Organisation, Association of Secondary Teachers, Ireland* agus *Teacher's Union of Ireland*?
2. Cén t-eolas a thugtar faoin Meánteistiméireacht agus faoin Teastas Sóisearach?
3. Cad a chuireann imní ar Mháire Ní Chiarba faoin mbeartas nua?
4. Cé atá chun vóta a chaitheamh maidir le neamh-chomhoibriú leis na beartais?
5. Cé hé an tAire Oideachais agus cad a mhaíonn sé?

**Ceist 3** An dtagann aon athrú ar na hainmfhocail san iolra tar éis na réamhfhocal simplí agus an ailt? Féach ar na samplaí seo chun cabhrú leat freagra a thabhairt:

-ag na páistí
-leis na sagairt
-ar na hiascairí

Féach ar an tuairisc arís agus breac síos gach sampla d'ainmfhocail san iolra le réamhfhocail shimplí agus alt.

**Ceist 4** '…an-mhór…'

Féach ar na samplaí seo thíos agus scríobh amach na rialacha a bhaineann leis na réimíreanna ***ró-*** agus ***an-***. Bíodh na focail seo san áireamh agaibh agus sibh ag cumadh na rialacha:

*fleiscín séimhiú guta consan na 'dentals'*

**rómhór, an-mhór**
**róbheag, an-bheag**
**ró-óg, an-óg**
**róshean, an-seán.**

Scríobh na rialacha isteach sa bhosca seo:

| Ró- (rómhór, róbheag, ró-óg & róshean) | An- (an-mhór, an-bheag, an-óg & an-sean) |
|---|---|
| | |

**Ceist 5** Cuir na focail seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

*Is ionann*
*Is annamh*
*Is amhlaidh*

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cad a cheapann tú faoin Teastas Sóisearach?
2. Cad a cheapann tú faoi mheasúnú leanúnach?

**Treoracha agus Freagraí**
**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| 1. controversy | *conspóid* |
| 2. amendments | *leasuithe* |
| 3. to see | *féachaint le* |
| 4. policies | *beartais* |
| 5. approach | *cur chuige* |
| 6. continuous assessment | *measúnú leanúnach* |
| 7. experts | *saineolaithe* |
| 8. school report | *tuairisc scoile* |
| 9. confident | *muiníneach* |
| 10. reformed | *athchóirithe* |
| 11. compromise | *comhréiteach* |

**Ceist 2**

1. *Irish National Teachers' Organisation* - **Cumann Múinteoirí Éireann,** *Association of Secondary Teachers, Ireland* - **Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire** agus *Teacher's Union of Ireland* - ***Aontas Múinteoirí Éireann***.
2. Bhí an Mheánteistiméireacht ar bun sna scoileanna go dtí 1991 agus is é an Teastas Sóisearach atá ann ó shin i leith. Tá an cur chuige céanna i gceist leis an Teastas Sóisearach agus mar a bhí ag an Meánteistiméireacht. Is é sin, teastas a bhronnadh ar dhéagóirí as scrúduithe móra a bhaint amach tar éis trí bliana ar an meánscoil.
3. Tá eagla uirthi nach mbeidh an caighdeán céanna ag gach dalta scoile tar éis na dtrí bliana, mar ní bheidh aon chóras ann chun an caighdeán a leagan síos. Chomh maith leis sin, deir sí nach mbeidh aon teastas ón Stát bainte amach ag na daltaí tar éis trí bliana agus nach mbeidh acu ach tuairisc scoile.
4. Aontas Múinteoirí Éireann agus Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire.
5. Ruairí Quinn, agus deir sé go mbeidh oifigigh ag suí síos le múinteoirí chun aon fhadhbanna a fheiceann siad a phlé agus chun teacht ar chomhréiteach.

**Ceist 3**

Ní thagann aon athrú ar ainmfhocal san iolra a thosaíonn le consan, tar éis na réamhfhocal simplí agus an ailt, mar shampla: *ag na páistí, leis na sagairt*. Cuirtear 'h' ag tús an ainmfhocail san iolra, a thosaíonn le guta, tar éis réamhfhocal simplí agus an ailt, mar shampla: *ar na hiascairí*.

**Ón script**

*- faoi na leasuithe*
*- leis na beartais*
*- ag na múinteoirí*
*- leis na saineolaithe*
*- de na príomhrudaí*
*- ag na scoileanna*
*-leis na múinteoirí*

**Ceist 4**

| Ró- (rómhór, róbheag, ró-óg & róshean) | An- (an-mhór, an-bheag, an-óg & an-sean) |
|---|---|
| ✓ Cuirtear séimhiú ar fhocail a thosaíonn le consan.<br>✓ Bíonn fleiscín tar éis ***ró-*** má thosaíonn an focal le guta. | ✓ Bíonn fleiscín tar éis ***an-*** i gcónaí.<br>✓ Ní bhíonn aon athrú ar fhocail a thosaíonn le guta.<br>✓ Ní bhíonn séimhiú ar fhocail a thosaíonn le d /t /l /s/ n, mar críochnaíonn ***an-*** le 'n' – na dentals.<br>✓ Bíonn séimhiú ar gach focal eile a thosaíonn le consan. |

**Ceist 5**
*Is ionann – the same*
*Is annamh – it's seldom*
*Is amhlaidh (atá sé) – (that is) so*

**Ceist 6**
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

**Eimear Ní Chonaola**
Tá an chonspóid faoi na leasuithe atá beartaithe ag an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, ar an Teastas Sóisearach fós ar bun. Tá sé fógartha ag Cumann Múinteoirí Éireann agus ag Cumann na Meánmhúinteoirí go bhfuil siad le vóta a chaitheamh féachaint an nglacfaidh siad leis na beartais.

**Grett O'Connor**
Go dtí 1991 an Mheánteist (an Mheánteistiméireacht) a bhí le déanamh ag déagóirí ag a raibh trí bliana caite sa mheánscoil. Ó shin i leith is é an Teastas Sóisearach atá i gceist. An cur chuige céanna a bhí i gceist sa dá theastas sin – scrúduithe móra ag deireadh na scoilbhliana. Anois ón mbliain 2017 ar aghaidh tá sé beartaithe go mbeidh measúnú leanúnach i gceist, agus é sin curtha i gcrích ag na múinteoirí ar a gcuid daltaí féin.

**Máire Ní Chiarba**
Ní thuigim conas gur féidir le hAire Oideachais gan a bheith ag éisteacht leis na saineolaithe istigh sa seomra ranga. Ceann de na príomhrudaí atá ag cur isteach orainn faoi láthair ná, cad mar gheall ar an gcaighdeán? Conas go mbeidh an tAire in ann a bheith cinnte go bhfuil an caighdeán ceannann céanna i ngach uile scoil? Agus, chomh maith leis sin, rud an-mhór atá ag cur as dúinn ná an teastas a bheidh ag na daltaí ag deireadh na tríú bliana, ní teastas ón Stát a bheidh ann. Is ionann an teastas a bheidh acu agus tuairisc scoile. *So*, conas gur féidir linn a bheith muiníneach as a leithéid?

**Grett O'Connor**
Deir Aontas Múinteoirí Éireann nach bhfuil na háiseanna ag na scoileanna chun na athchóirithe atá leagtha amach a chur i gcrích. Deir siad go ndéanfar dochar don oideachas má leantar ar aghaidh leis an bplean. Tá sé beartaithe acu siúd agus ag Cumann na Meánmhúinteoirí freisin vóta a ghlacadh maidir le neamh-chomhoibriú leis na beartais athchóirithe. Ach maíonn an tAire Oideachais, Ruairí Quinn, go mbeidh oifigigh ón Roinn ag suí síos leis na múinteoirí chun na hábhair imní atá acu a phlé, agus chun teacht ar chomhréiteach sásúil. Grett O'Connor, Nuacht TG4.